www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

# Irish

## Unit 1: Listening

## Foundation Tier

**[GIH11]**

**THURSDAY 9 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Audio 'beep' to precede each question

Questions 1 – 8 insert 5 and 10 second pauses

Questions 9 – 12 insert 7 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2019
Irish, Unit 1, Listening, Foundation Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Myself

Ruairí talks about himself.

*M* – Is mise Ruairí. Tá mé trí bliana déag d'aois. Tá mo shúile donn agus tá mo chuid gruaige fionn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Tá peata amháin agam. Tá luchóg agam.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Ní maith liom spórt. Is fearr liom cluichí ríomhaire a imirt.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Déanaim ocht n-ábhar scoile. Is fearr liom Tíreolaíocht.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

2 Free time

Nuala and Máirtín talk about a night out.

*F* – A Mháirtín, an ndeachaigh tú amach aréir?

*M* – Chuaigh. Chuaigh mé chuig an rinc scátála le mo chairde. Bhí an-chraic againn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An ndeachaigh tusa amach, a Nuala?

*F* – Chuaigh. Chuaigh mé chuig margadh na Nollag. Cheannaigh mé a lán rudaí.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

3 At home

Four people talk about housework.

*F1* – An ndéanann tú obair tí, a Róisín?

*F2* – Déanaim, cinnte. Tá seisear againn sa teach agus bíonn cuid mhaith le déanamh i gcónaí. Déanaim an smúdáil.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F1* – An ndéanann tú obair tí, a Chríostóir?

*M1* – Ní dhéanaim, i ndáiríre, ach cuirim an bosca bruscair amach gach oíche Luain.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F1* – An ndéanann tú obair tí, a Aoife?

*F3* – Déanaim. Tá teach mór againn agus cuidím le mo mhamaí. Déanaim an folúsghlanadh di.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F1* – An ndéanann tú obair tí, a Oisín?

*M2* – Déanaim. Ním na soithí gach lá i ndiaidh an dinnéir.

*F1* – Nach bhfuil niteoir soithí agat?

*M2* – Níl, ar an drochuair.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Travel

Dónal's mother helps him pack for the Gaeltacht.

*M* – A mhamaí, amharc ar na rudaí atá agam i mo mhála. An bhfuil rud ar bith eile de dhíth orm don Ghaeltacht?

*F* – Fan go bhfeicfidh mé. An bhfuil geansaí agat sa mhála?

*M* – Tá, cinnte.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – An bhfuil scuab fiacla agat?

*M* – Tá. Cheannaigh mé ceann inné.

*F* – Ceart go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Tóg feadóg stáin leat. Is féidir leat páirt a ghlacadh sa choirm cheoil.

*M* – Sin smaoineamh maith.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Seo foclóir duit.

*M* – Ní bheidh foclóir de dhíth orm.

*F* – Cuir sa mhála é. Beidh sé úsáideach.

*M* – Ceart go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

5 Holidays

Orla talks about her holidays.

*M* – Inis dom faoi do laethanta saoire, a Orla.

*F* – Chuaigh mé ar thuras scoile go Londain. Ní raibh mé riamh i Londain roimhe sin. Thaitin an turas go mór liom mar bhí mé le mo chairde an t-am ar fad.

*M* – Cá raibh tú ag stopadh?

*F* – Bhí mé ag stopadh i mbrú óige i lár na cathrach.

*M* – An ndearna tú rud ar bith spéisiúil?

*F* – Rinne mé rudaí difriúla gach lá.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Chuaigh mé chuig iarsmalann lá amháin agus sin an rud is mó a thaitin liom. Chaith mé cúpla uair an chloig san iarsmalann ag amharc ar na pictiúir. Tá spéis agam san ealaín.

*M* – Ar mhaith leat bheith i do chónaí i Londain lá éigin?

*F* – Níor mhaith. Sílim go bhfuil neart le déanamh ann ach, ar an taobh eile den scéal, tá an trácht iontach trom agus tá a lán daoine ann. Is fearr liom bheith i mo chónaí in Éirinn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire le do theaghlach?

*M* – Ní bheidh mar chuaigh mo thuismitheoirí ar thuras mara nuair a bhí mise i Londain. Tá mé sásta mo scíth a ligint anseo sa bhaile. Is féidir liom mo rogha rud a dhéanamh. Tá suim agam sa léitheoireacht agus sa cheol. Tá a lán cairde agam agus téim amach leo. Ní bhím dubh dóite.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

6 School life

Úna talks to her Irish teacher.

*M* – Cad é atá cearr leat, a Úna?

*F* – Tá imní orm. Chaill mé mo sparán.

*M* – Cad é an dath atá air?

*F* – Tá dath bándearg air.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Ná bí buartha, a Úna. Gabh chuig do mhúinteoir foirme. Fuair sise sparán.

*F* – Maith go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*M* – Bhí do mhúinteoir foirme sa leabharlann agus chonaic sí an sparán ina luí ar an urlár.

*F* – Go raibh maith agat, a mhúinteoir.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

7 Culture

You hear a radio announcement.

F – Má tá suim agat sa Ghaeilge tar chuig Scoil Naomh Colm i mí Iúil. Beidh ranganna ar fáil do Ghaeilgeoirí ansin.

*Pause 5 seconds and repeat*

F – Beidh an scoil ar oscailt gach lá agus beidh na ranganna uilig saor in aisce. Ní bheidh airgead ar bith le híoc.

*Pause 5 seconds and repeat*

F – Beidh ranganna de gach sórt ar fáil mar shampla, ranganna teanga, ranganna damhsa agus ranganna ceoil.

*Pause 5 seconds and repeat*

F – Anuraidh tháinig déagóirí chuig na ranganna agus tháinig a dtuismitheoirí chomh maith. Bhain siad uilig sult as na ranganna.

*Pause 5 seconds and repeat*

F – Cláraigh linn láithreach. Cuir d'áit in áirithe inniu mar níl mórán áiteanna fágtha againn.

*Pause 5 seconds and repeat*

F – Má tá eolas ar bith eile de dhíth ort cuir scairt orainn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

8 Health

You hear a doctor talking to her patients.

*F* – A Phóil, cad é a tharla?

*M1* – Bhí mé ag rothaíocht agus thit mé den rothar. Bhuail mé mo cheann ar an bhóthar. Tá pian i mo cheann anois.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Liam, cad é atá ort?

*M2* – Tá mo dhroim nimhneach. Bhog mo sheanmháthair go teach nua. Ghortaigh mé mo dhroim nuair a bhí mé ag iarraidh tolg a thógáil isteach sa teach nua di.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Mháirtín, cad é atá cearr leat?

*M3* – Dhóigh mé mo lámh nuair a bhí mé ag cócaireacht.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – A Andaí, an bhfuil tú ceart go leor?

*M4* – Níl, a dhochtúir. Ghortaigh mé mo chos nuair a bhí mé ag déanamh garraíodóireachta inné.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

9 Am saor

Tá Eithne agus Pádraig ag dul chuig dioscó.

F – A Phádraig an mbeidh tú ag dul chuig an dioscó sa chlub óige?

M – Cén uair a bheidh sé ann?

F – Beidh an dioscó ar siúl óiche Luain, an seachtú lá déag Márta.

M – Rachaidh mé ann go cinnte.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

10 Liosta siopadóireachta

Chuaigh Ciarán ag siopadóireacht.

F – A Chiaráin, an ndeachaigh tú chuig an ollmhargadh?

M – Chuaigh.

F – Cad é a cheannaigh tú?

M – Cheannaigh mé sicín don dinnéar.

M – Cheannaigh mé prátaí agus cairéid fosta.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Ar cheannaigh tú milseog?

M – Níor cheannaigh mé milseog. Caithfidh muid bia sláintiúil a ithe.
Cheannaigh mé oráistí agus úlla.

F – An bhfuair tú nuachtán?

M – Fuair mé nuachtán duit, a mhamaí.

F – Go raibh maith agat.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

11 Slite beatha

Tá Aoife ag cur síos ar na slite beatha atá ag a teaghlach.

M – A Aoife, an bhfuil do mháthair ag obair go fóill?

F – Níl. D'éirigh sí as an obair ag deireadh na bliana.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Chaith sí fiche bliain ag teagasc agus bhí dúil mhór aici sa phost. Thaitin na páistí léi.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – An bhfuil d'athair ag obair go fóill?

F – Tá. Is meicneoir é. Deisíonn sé carranna.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – An maith leis an obair?

F – Is breá leis an obair.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Cad é a dhéanann tú féin, a Aoife?

F – Tá mé ag obair in oifig i mbunscoil. Freagraím an guthán agus bím ag obair ar an ríomhaire.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – An bhfuil tú sásta leis an phost?

F – Tá. Is maith liom an post mar bíonn an scoil dúnta i mí Lúnasa agus téim go dtí an Spáinn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

12 Post páirtaimseartha

Tá Máire ag cur síos ar a post.

M – A Mháire, an bhfuil post páirtaimseartha agat?

F – Tá. Bím ag obair sa chaife nua ar an trá. Fuair mé an post bliain ó shin.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Cá mhéad lá a bhíonn tú ag obair?

F – Lá amháin sa tseachtain. Bím ag obair gach Céadaoin.

M – An mbíonn tú ag obair san oíche?

F – Ní bhím. Tosaím ar a naoi a chlog ar maidin agus críochnaím ar leath i ndiaidh a cúig sa tráthnóna.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Cad é a dhéanann tú sa chaife?

F – Bím ag obair ag an deasc. Tugaim an bille do na custaiméirí agus tugann siad an t-airgead dom.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – An bhfuil an pá go maith?

F – Níl. Tá sé an-olc.

M – An maith leat an obair?

F – Is maith, mar faighim dinnéar maith.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.